Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh
Preasráiteas Uimh. 150/2018
Lucsamburg, 8 Deireadh Fómhair 2018

Preas agus Faisnéis

Éisteacht Shollúnta na Cúirte Breithiúnais

Páirt-athnuachan ar chomhaltas na Cúirte Breithiúnais agus sé chomhalta nua den Chúirt ag dul i mbun a ndualgais

Le cinneadh an 28 Feabhra 2018, rinne ionadaithe Rialtais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh téarmaí oifige ocht gcomhaltaí de chuid na Cúirte Breithiúnais a athnuachan don tréimhse ón 7 Deireadh Fómhair 2018 go dtí an 6 Deireadh Fómhair 2024, arb iad Alexander Arabadjiev, Jean-Claude Bonichot, Thomas von Danwitz, Carl Gustav Fernlund, Egils Levits, Constantinos Lycourgos, Jiří Malenovský agus Alexandra Prechal.

Le cinntí an 28 Feabhra 2018, an 13 Meitheamh 2018, an 25 Iúil 2018 agus an 5 Feabhra 2018 ceapadh Lucia Serena Rossi, in ionad Antonio Tizzano, Irmantas Jarukaitis, in ionad Egidijus Jarašiūnas, Peter George Xuereb, in ionad Anthony Borg Barthet, agus Nuno José Cardoso da Silva Piçarra in ionad José Luís da Cruz Vilaça, mar Bhreithiúna den Chuirt Bhreithiúnais ar feadh téarma oifige ón 7 Deireadh Fómhair 2018 go dtí an 6 Deireadh Fómhair 2024.

Le cinneadh an 28 Feabhra 2018, rinne ionadaithe Rialtais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh téarmaí oifige beirt Abhcóide Ginearálta de chuid na Cúirte Breithiúnais a athnuachan don tréimhse ón 7 Deireadh Fómhair 2018 go dtí an 6 Deireadh Fómhair 2024, arb iad Yves Bot agus Maciej Szpunar.

Le cinntí an 28 Feabhra 2018 agus an 5 Meán Fómhair 2018 ceapadh Giovanni Pitruzzella, in ionad Paolo Mengozzi, agus Gerard Hogan mar Abhcóidí Ginearálta den Chúirt Bhreithiúnais ar feadh téarma oifige ón 7 Deireadh Fómhair 2018 go dtí an 6 Deireadh Fómhair 2024.

Beidh éisteacht shollúnta de chuid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ann inniu tráth éirí as oifig do Antonio Tizzano, do José Luís da Cruz Vilaça, do Melchior Wathelet, do Anthony Borg Barthet, do Paolo Mengozzi agus do Egidijus Jarašiūnas agus tráth glactha an mhionna agus dul i mbun a ndualgais ag Comhaltaí nua na hinstitiúide.

Déanfar an éisteacht shollúnta a bheoshruthú ó 17.30 ar an suíomh gréasáin: http://c.connectedviews.com/01/LiveMeetings/cdj

Curricula vitae na gComhaltaí nua

Peter George Xuereb

Rugadh é i 1954; Céim sa dlí aige ó Ollscoil Mhálta (1977); Máistir Dlíthe ó Ollscoil Londain (1979); Dochtúireacht sa Dlí aige ó Ollscoil Cambridge (1982); léachtóir i gColáiste Ardoideachais Ealing (1982-1984) ; léachtóir in Ollscoil Exeter (1984-1990); léachtóir sinsearach in Queen Mary and Westfield College, Ollscoil Londain (1990-1993); comhairleoir dlí san earnáil phríobháideach agus ina dhiaidh sin ag Parlaimint Mhálta (1993-2016); Ollamh agus Ceann Roinn an Dlí Eorpaigh agus an Dlí Chomparáidigh in Ollscoil Mhálta (1993-2016); Stiúrthóir ar an Lár-Ionad Eorpach um Dhoiciméadacht agus um Thaighde ag Ollscoil Mhálta (1993-2016); Uachtarán Chumann Dlí Eorpaigh Mhálta; an iliomad saothar foilsithe aige; Breitheamh de chuid Chúirt Ghinearálta an

Aontais Eorpaigh (2016-2018); Breitheamh de chuid na Cúirte Breithiúnais ón 8 Deireadh Fómhair 2018.

Nuno José Cardoso da Silva Piçarra

Rugadh é i 1957; Céim sa dlí aige ó Ollscoil Liospóin (1980); Máistir Dlíthe ó Ollscoil Liospóin (1986); Dochtúireacht sa Dlí aige ó Ollscoil Nua Liospóin (2003); léachtóir dlí in Ollscoil Liospóin (1981-1986); dlítheangeolaí (1986-1987) agus dlíodóir is athbhreithneoir (1987-1990) ag an gCúirt Bhreithiúnais; Rúnaí Dlí ag an gCúirt Chéadchéime (1990-1996); Ollamh ar Cuairt ag Institiúid an Léinn Eorpaigh ag Ollscoil na Sárlainne, An Ghearmáine (1987-1996); Comhordaitheoir náisiúnta d'ábhair a bhaineann le Saorghluaiseacht Daoine sa Limistéar Eorpach, Aireacht Ghnóthaí Eachtracha na Portaingéile (1996-1999); Comhalta de Choiste K4 na Comhairle agus den Lárghrúpa um Bhuanstruchtúir Comhairliúcháin i ndáil le Comhaontuithe Schengen (1996-1999); Léachtóir agus ábhair dochtúireachta sa dlí in Ollscoil Nua Liospóin (1999-2003); Ollamh Cúnta sa Dlí in Ollscoil Nua Liospóin (2003-2008); Ollamh Comhlach sa Dlí in Ollscoil Nua Liospóin (2008-2018); Comhalta Portaingéalach de chuid líonra FreSsco de shaineolaithe neamhspleácha i réimsí shaorghluaiseacht oibrithe agus an chomhordaithe slándála sóisialta laistigh den Aontas Eorpaigh (2004-2017) agus de Ghréasán Acadúil Odysseus do léinn an dlí maidir le hinimirce agus le tearmann san Eoraip (2004-2018); Comhalta de Bhord Bainistíochta Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (2015-2018); an iliomad saothar foilsithe aige; Breitheamh de chuid na Cúirte Breithiúnais ón 8 Deireadh Fómhair 2018.

Lucia Serena Rossi

Rugadh í i 1957; Céim sa dlí aici ó Ollscoil Bologne (1982); Ollamh le Dlí an Aontais Eorpaigh í ag Ollscoil Bologne; Stiúrthóir ar an Ionad Taighde um Dhlí an Aontais Eorpaigh ag Ollscoil Bologne; Abhcóide de chuid Bharra Bologne; Ollamh Comhlach sa Dlí Idirnáisiúnta ag Ollscoil Urbino (1997-2000); Leas-Uachtarán ar Chumann Iodálach an Dlí Idirnáisiúnta agus an Dlí Eorpaigh (2009-2010); Comhalta Chomhchoiste Bainistíochta Scoil Dlí na Síne-AE ag Ollscoil na Síne um Eolaíocht Pholaitiúil agus Dlí (2011-2013); Ionadaí Rialtas na hIodáile ar Bhord Bainistíochta Acadamh an Dlí Eorpaigh (2015-2018); an iliomad saothar foilsithe aici; Breitheamh de chuid na Cúirte Breithiúnais ón 8 Deireadh Fómhair 2018.

Gerard Hogan

Rugadh é i 1958; Céim sa dlí aige ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (LL.M. i 1981); Dochtúireacht sa Dlí aige ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (LL.D. i 1997); Céim sa dlí aige ó Ollscoil Pennsylvania (LL.M. 1982) Bhain sé Céim Abhcóide amach ó Chumann Onórach Óstaí an Rí, Baile Átha Cliath (1984); Dochtúireacht sa Dlí aige ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (Ph.D. 2001); Léachtóir sa dlí i gColáiste na Trionóide, Baile Átha Cliath (1982-2007); Abhcóide Sóisir ag Barra na hÉireann (1987-1997); Abhcóide Sinsearach ag Barra na hÉireann (1997-2010); Breitheamh de chuid Ard-Chúirt na hÉireann (2010-2014); Breitheamh de chuid Chúirt Achomhairc na hÉireann (2014-2018); an iliomad saothar foilsithe aige; Abhcóide Ginearálta de chuid na Cúirte Breithiúnais ón 8 Deireadh Fómhair 2018.

Giovanni Pitruzzella

Rugadh é i 1959; Céim sa dlí aige ó Ollscoil Palermo (1982); Ollamh sa Dlí Bunreachtúil ag Ollscoil Palermo; Ollamh sa Dlí Bunreachtúil agus i nDlí na hIomaíochta ag Ollscoil LUISS Guido Carli sa Róimh; Comhairleoir dlí ag Rialtas na hIodáile (1993-1996); Ollamh le Dlí Poiblí ag Ollscoil Cagliari (1986-1997); Uachtarán an Choimisiúin um Chur i bhfeidhm stádas speisialta réigiún na Sicile (1998-2002); Comhairleoir dlí ag Aireacht Sláinte na hIodáile (2008-2011); Comhalta, agus ina dhiaidh sin Uachtarán don Choimisiúin um Chearta Stailce sna Seirbhísí Poiblí Ríthábhachtacha (2006-2011); Uachtarán, Údarás Iomaíochta na hIodáile (2011-2018); ceaptha ag Uachtarán Phoblacht na hIodáile, in Aibreán 2018, mar dhuine de na deichniúr comhalta den Choimisiún um Athchóirithe Institiúideacha, Eacnamaíocha agus Sóisialta agus, i mí Meitheamh na bliana céanna, ceaptha ag an bPríomh Aire mar chomhalta den Ghrúpa Saineolaithe a iarradh togra athchóirithe bunreachtúla a mholadh; údar ar iliomad foilseacháin maidir leis an dlí phoiblí,

an dlí bunreachtúil, an dlí riaracháin agus dlí na hIomaíochta; Abhcóide Ginearálta de chuid na Cúirte Breithiúnais ón 8 Deireadh Fómhair 2018.

Irmantas Jarukaitis

Rugadh é i 1973; Céim sa dlí aige ó Ollscoil Vilnias (1992-1997); Dochtúireacht sa Dlí aige ó Ollscoil Vilnias (2008); Léachtóir, Ollamh Comhlach i nDámh an Dlí ag Ollscoil Vilnias (1999-2018); Ceann Rannóg (2002-2003), Leas-Ardstiúrthóir Aonad an Dlí Eorpaigh ag Aireacht Dlí agus Cirt na Liotuáine (2004-2010); Breitheamh de chuid Chúirt Uachtarach Riaracháin na Liotuáine (2010-2018), Leas-Uachtarán Chúirt Uachtarach Riaracháin na Liotuáine (2012-2017), Uachtarán gníomhach Chúirt Uachtarach Riaracháin na Liotuáine (2015-2017), an iliomad saothar foilsithe aige i réimsí an Dlí Eorpaigh agus an Dlí Bhunreachtúil; Comhbhunaitheoir agus Comhalta de chuid Chumann Liotuánach an Dlí Eorpaigh; Breitheamh de chuid na Cúirte Breithiúnais ón 8 Deireadh Fómhair 2018.

Teagmháil phreasa: (+352) 4303 3355